

Imdhíonadh do linbh

Treoir do thuismitheoirí

Do leanaí a
rugadh an
1 Deireadh
Fómhair 2016
nó ina dhiaidh
sin



www.immunisation.ie



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

An sceideal i mdhíonta óige

Is slí shábháilte éifeachtach é imdhíonadh chun do leanbh a chosaint ar ghalair thromchúiseacha. Sa leabhrán seo, gheobhaidh tú faisnéis orthu seo a leanas:

- na vacsaíní a thabharfar do do leanbh agus cathain a thabharfar dóibh iad;
- cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfaigheadh do leanbh a vacsaíní ar fad;
- conas a chosnaíonn na vacsaíní do leanbh; agus
- céard a tharlóidh tar éis do do leanbh na vacsaíní a fháil.

Tá freagraí sa leabhrán seo freisin ar roinnt de na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoi imdhíonadh.

I bpóca cúil na treorach seo, gheobhaidh tú:

- mairnéad ar a léirítear an sceideal imdhíonta. Cuir é sin in áit a mbeidh sé le feiceáil chun na vacsaíní atá de dhíth ar do leanbh a chur i gcuimhne duit; agus
- pas imdhíonta do linbh. Coinnigh an pas seo in áit shábháilte agus tabhair chuig na coinní go léir é ionas gur féidir é a chomhlánú agus a choinneáil cothrom le dáta.

Tabharfar sraith vacsaíní do do leanbh agus é/í idir 2 mhí agus 13 mhí d'aois, rud a chosnóidh é/í ar roinnt galar atá an-tógálach ar fad.

Léirítear sa tábla thall na vacsaíní a thabharfar agus cathain a thabharfar iad.

Tá na vacsaíní ar fad atá luaite le fáil saor in aisce ó do dhochtúir teaghlaigh.

Mínítear na giorrúcháin ar leathanach 4.

Aois

Cuairt

Vacsáiniú



Cuairt 1
3 instealladh
1 dáileog
braonta béil

6 vacsaín in 1
cheann amháin
MenB (nua)
PCV
Rótaivíreas (nua)



Cuairt 2
2 instealladh
1 dáileog
braonta béil

6 vacsaín in 1
cheann amháin
MenB
Rótavíreas



Cuairt 3
3
instealladh

6 vacsaín in 1
cheann amháin
PCV
MenC

Ní thugtar vacsaín rótaivíris ag 8 mí 0 lá nó ina dhiaidh sin



Cuairt 4
2 instealladh

MMR
MenB



Cuairt 5
2 instealladh

Hib/MenC
PCV

Do leanaí a rugadh an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh
Mínítear na giorrúcháin thuas ar leathanach 4.

An sceideal i mdhíonta óige



Five visits to your GP (doctor) to be fully vaccinated

Your child needs five visits to their GP to be fully vaccinated.

Please bring your child's immunisation passport to each visit. This is at the back of this booklet.

Cabhróidh na giorrúcháin seo leat an tábla a thuiscint. Tá tuilleadh faisnéise ar na galair seo le fáil ar leathanach 51-57.



6 vacsaín in 1 cheann amháin

PCV

Rótaivíreas

MenB

MenC

MMR

Hib/MenC

Diftéire, Haemophilus influenzae b (Hib),
Heipitéas B, Triuch, Póilió agus Teiteanas

Vacsaín níumacocúil chomhchuingeach

Vacsaín bhéil rótaivíris

Ionfhabhtú Meiningeacocúil B

Ionfhabhtú Meiningeacocúil C

Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg

Comhvacsáin Haemophilus influenzae b +
Ionfhabhtú Meiningeacocúil C

Clár Ábhar

An sceideal imdhionta óige	10
Céard a tharlaíonn roimh an imdhíonadh?	11
Ar cheart dom rud ar bith a thabhairt do mo leanbh roimh an imdhíonadh?	11
Cuairt 1: Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í dhá mhí d'aois?	12
Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?	13
Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?	13
Cuairt 2: Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í ceithre mhí d'aois?	14
Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?	14
Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?	15
Cuairt 3: Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í sé mhí d'aois?	16
Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?	16
Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?	17
Cuairt 4: Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í 12 mhí d'aois?	18
Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?	18
Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?	19
Cuairt 5: Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í 13 mhí d'aois?	20
Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?	20
An dá vacsaín nua	22
Vacsaín MenB	22
Cé na leanaí ar cheart dóibh an vacsaín MenB a fháil?	22

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaín MenB a fháil?	22
Vacsaín bhéil rótaivíris	24
Cé na leanaí ar cheart dóibh an vacsaín bhéil rótaivíris a fháil?	24
Céard a tharlóidh tar éis an vacsaín bhéil rótaivíris a fháil?	24

Céard is imdhíonadh ann agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaí vacsaíní do do leanbh? 26

Céard is imdhíonadh ann?	26
Céard is cúis le hionfhabhtú?	26
Céard is galar tógálach ann?	26
Conas a chosnaíonn corp mo linbh é féin ar ionfhabhtú?	27
Conas a oibríonn vacsaíní?	27
Cé mhéad ama a ghlacann vacsaíní le tosú ag obair?	28
Cén fáth a bhfuil níos mó ná aon dáileog vacsaíne amháin de dhíth ar mo leanbh?	28

Gach eolas ar an sceideal imdhíonta óige 29

Cén fáth a bhfuil athrú tagtha ar an sceideal?	29
Cén fáth a dtugtar vacsaíní ag aois chomh hóg sin?	29
Cén fáth a dtugtar go leor vacsaíní le chéile?	30
An mbeidh an t-imdhíonadh éifeachtach i gcónaí fiú mura dtugtar na vacsaíní do mo leanbh ag an am ceart?	30
Céard a tharlóidh mura dtugtar na vacsaíní do mo leanbh ar chor ar bith?	31
Cé chomh mór is atá an seans go mbeidh mo leanbh nochta do na galair seo?	31
An oibríonn vacsaíní i gcónaí?	32
Cé chomh héifeachtach is atá vacsaíní?	33

Comhábhair agus sábháilteacht vacsaíní 35

Céard atá istigh i vacsaíní?	35
------------------------------	----

An bhfuil vacsaíní sábháilte?	36
Cé atá i gceannas ar vacsaíní a rialú in Éirinn?	36
Cá háit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil faoi na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn?	36
Céard faoi na scéalta sceimhle?	37
Taighde ar an vacsaín MMR	37

Ceisteanna coitianta faoi imdhíonadh 38

An bhfuil leanaí ar bith ann nár cheart na vacsaíní seo a thabhairt dóibh?	38
An bhfuil aon fháthanna ann ar cheart moill a chur ar imdhíonadh?	38
Céard a tharlóidh má rugadh mo leanbh roimh a (h)am, má bhí méáchan breithe íseal aige/aici nó má bhí buíochán air/uirthi?	39
Céard a tharlóidh má tá galar tromchúiseach ar mo leanbh?	39
Céard ba cheart a dhéanamh má tá asma, eachma nó fiabhras léana ar mo leanbh?	40
An féidir an vacsaín MMR a thabhairt do mo leanbh má tá ailléirge air/uirthi le huibheacha?	40
Céard a tharlóidh má tá titimeas ar mo leanbh?	40
Céard a tharlóidh má bhí trithí fiabhrasacha (taomanna) ar mo leanbh roimhe seo?	40
Céard a tharlóidh má chuaigh mo leanbh faoi scian le déanaí, nó má tá sé beartaithe go rachaidh sé/sí faoi scian?	41
Céard a dhéanfar má bhí ceann de na galair seo ar mo leanbh cheana?	41
An féidir mo leanbh a imdhíonadh má bhíonn sé/sí i ndlúth-theagmháil le bean atá ag iompar clainne?	42
An féidir le mo leanbh dul chuig an linn snámha mura bhfuil na vacsaíní ar fad faighte aige/aici?	42
An mbíonn vacsaíní eile de dhíth ar leanaí áirithe chomh maith?	42
Rugadh mo leanbh i dtír eile. An gá vacsaíní a thabhairt dó/di?	43

Imdhíonadh mo leanbh i dtír eile.	
An gá vacsaíní a thabhairt dó/di in Éirinn freisin?	43
Tá pas imdhíonta mo linbh cailte agam.	
Céard ba cheart dom a dhéanamh?	43

Ceisteanna coitianta tar éis imdhíonadh 44

Céard iad na frithghníomhuithe coitianta a d'fhéadfadh teacht ar mo leanbh tar éis dó/di vacsaín a fháil agus céard ba cheart dom a dhéanamh?	44
Cé chomh luath tar éis na vacsaíne béil rótaivíris is féidir liom mo leanbh a bheathú?	48
Céard a tharlóidh má thagann frithghníomhú ailléirgeach le vacsaíní ar mo leanbh?	48
An bhféadfadh fo-iarsmaí ar bith teacht ar mo leanbh de bharr na vacsaíní?	48
Mura raibh mo leanbh ar fónamh tar éis na dáileoige deiridh den vacsaín, ar cheart an chéad dáileog eile a thabhairt dó/di?	49

Na galair, agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu 51

Cé chomh tromchúiseach is atá na galair seo?	
• Diftéire	• Leicneach
• Haemophilus influenzae b (Hib)	• Triuch
• Heipitíteas B	• Galar níumacocúil
• An bhruitíneach	• Polaimiaillíteas
• Ionfhabhtú Meiningeacocúil B (MenB)	• Rótaivíreas
• Ionfhabhtú Meiningeacocúil C (MenC)	• An bhruitíneach dhearg
	• Teiteanas

Clár Imdhíonta le haghaidh Scoileanna 58

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil? 61



An Sceideal Imdhíonta Óige

Do pháistí a rugadh an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh

Tá na vacsaíní molta go léir do do leanbh le fáil saor in aisce in Éirinn.

Cuimhnigh

Caithfear do leanbh a thabhairt ar chúig chuairt chuig do dhochtúir ginearálta chun an cúrsa vacsaíní a chríochnú agus chun go mbeidh sé/sí cosanta go hiomlán ar ghalair thromchúiseacha.



Cuairt 1



Cuairt 2

Céard a tharlaíonn roimh an imdhíonadh?

Sula mbeidh do leanbh imdhíonta, déanfaidh an dochtúir nó an t-altra sa chlinic deimhin de leat go bhfuil sé/sí ar fónamh agus gur féidir vacsaín a thabhairt dó/di. Má tá aon bhuarthaí ort nó má tá ceisteanna agat faoi imdhíonadh do linbh, cuir ceist ar an dochtúir nó ar an altra sa chlinic sula dtabharfar an vacsaín don leanbh. Tá tuilleadh faisnéise le fáil freisin ón altra sláinte poiblí ag an gclinic áitiúil de chuid FSS.

Is beag fáth atá ann nach ndéanfaí vacsaíniú ar do leanbh.

Ar cheart dom rud ar bith a thabhairt do mo leanbh roimh an imdhíonadh?

Is féidir leat bainne a thabhairt do do leanbh (mura bhfuil ailléirge aige/aici leis) roinnt nóiméad roimh an vacsaíniú. Tá sé léirithe go gcabhraíonn sé sin leis an bpian a laghdú.

Tabharfar an vacsaín bhéil rótaivíris do do leanbh ag na cuairteanna ag 2 agus 4 mhí d'aois (féach leathanach 56). Is féidir do leanbh a bheathú am ar bith roimh an vacsaín seo nó ina diaidh.



Cuairt 3



Cuairt 4



Cuairt 5



Cuairt 1

Scríobhfaidh FSS chugat le meabhrú duit dul chuig do dhochtúir teaghligh le haghaidh na vacsaíní. Mura bhfaigheann tú litir ó FSS, ba cheart duit coinne a dhéanamh dul chuig an dochtúir nuair a bheidh do leanbh dhá mhí d'aois.

Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í dhá mhí d'aois?

Tabharfar ceithre vacsaín do do leanbh nuair a bheidh sé/sí dhá mhí d'aois:

1. 6 vacsaín in 1 cheann amháin chun cosaint ar an diftéire, haemophilus influenzae B (Hib), heipitíteas B, triuch, póilió agus teiteanas;
2. an vacsaín MenB chun cosaint ar ghalar meiningeacocúil B;
3. an vacsaín PCV chun cosaint ar ghalar níumacocúil; agus
4. an vacsaín bhéil rótaivíris chun cosaint ar ghalar rótaivíris.

Tugtar an vacsaín bhéil rótaivíris mar bhraonta i mbéal do linbh. Is mar instealladh sa chos a thugtar na vacsaíní eile do do leanbh.

Ba cheart duit féachaint ar an gcaoi a dtugann an dochtúir nó an t-altra na braonta béil rótaivíris le fáil amach conas paraicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt.





Cuimhnigh

Is gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí an dochtúir **ceithre** huaire eile chun a vacsaíní ar fad a fháil agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair thromchúiseacha. Tabhair leat pas imdhíonta do linbh gach uair.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fhéadfadh cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/uirthi, go háirithe tar éis an vacsaínithe MenB. Mar gheall air sin, molaimid duit **3 dháileog** de pharaicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt tar éis na chéad chuairte (ag 2 mhí d'aois).


1. Tabhair 2.5 ml (60 mg) de pharaicéiteamól leachtach naíonáin go gairid tar éis an vacsaínithe.
2. Tabhair an dara dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis na chéad dáileoige.
3. Tabhair an tríú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an dara dáileog.

Má bhíonn fiabhras ar do leanbh go fóill, tabhair an ceathrú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an tríú dáileog.

Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí ag clinic áitiúil de chuid FSS chun comhairle a fháil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Déan coinne le do dhochtúir le haghaidh vacsaíní ceithre mhí do linbh. Is maith an rud é meabhrúchán a chur i d'fhón nó dáta na chéad choinne eile ag do leanbh a scríobh ar fhéilire.





Cuairt 2

Cé na vacsaíní a thabharfar do do leanbh agus é/í ceithre mhí d'aois?

Tabharfar trí vacsaín do do leanbh nuair a bheidh sé/sí ceithre mhí d'aois:

1. 6 vacsaín in 1 cheann amháin (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí d'aois);
2. Vacsaín MenB chun cosaint ar ghalar meiningeacócúil B (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí d'aois); agus
3. Vacsaín bhéil rótaivíris chun cosaint ar ghalar rótaivíris (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí d'aois).

Tugtar an vacsaín bhéil rótaivíris mar bhraonta i mbéal do linbh. Is mar instealladh sa chos a thugtar na vacsaíní eile do do leanbh.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fhéadfadh cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/ uirthi, go háirithe tar éis na vacsaíne MenB. Mar gheall air sin, molaimid duit **3 dháileog** de pharaicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt tar éis na cuairte ag 4 mhí d'aois.



Cuimhnigh

Is gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí an dochtúir **trí** huair eile chun a vacsaíní ar fad a fháil agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair thromchúiseacha. Tabhair leat pas imdhíonta do linbh gach uair.

1. Tabhair 2.5 ml (60 mg) de pharaicéiteamól leachtach naíonáin go gairid tar éis an vacsaínithe.
2. Tabhair an dara dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis na chéad dáileoige.
3. Tabhair an tríú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an dara dáileog.

Má bhíonn fiabhras ar do leanbh go fóill, tabhair an ceathrú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an tríú dáileog.

Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí ag clinic áitiúil de chuid FSS chun comhairle a fháil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Déan coinne le do dhochtúir le haghaidh vacsaíní sé mhí do linbh. Is maith an rud é meabhrúchán a chur i d'fhón nó dáta na chéad choinne eile ag do leanbh a scríobh ar fhéilire.



Cuairt 3

Cé na vacsaíní a thabharfar do do leanbh agus é/í sé mhí d'aois?

Tabharfar trí vacsaín do do leanbh nuair a bheidh sé/sí sé mhí d'aois:

1. 6 vacsaín in 1 cheann amháin (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí agus ceithre mhí d'aois);
2. an vacsaín PCV (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí d'aois); agus
3. an vacsaín MenC chun cosaint ar ghalar meiningeacocúil C.

Is mar instealladh sa chos a thugtar na vacsaíní do do leanbh.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fhéadfadh cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/uirthi tar éis an vacsaínithe. **Ní bheidh 3 dháileog de pharaicéiteamól leachtach naíonáin ag teastáil ó do leanbh tar éis na cuairte seo mar ní thabharfar an vacsaín MenB dó/di.**

Mar sin féin, má tá fiabhras ard os cionn 39°C air/uirthi (má mhothaíonn sé/sí i bhfad níos teo ná mar is gnáth), nó má tá sé/sí trína c(h)éile, is féidir na nithe seo a leanas a thabhairt dó/di:

1. bainne nó uisce fiuchta fuaraithe; agus
2. paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein naíonáin – lean na treoracha ar an bpacáistíocht.



Cuimhnigh

Is gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí an dochtúir faoi **dhó** arís chun a vacsaíní ar fad a fháil agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair thromchúiseacha. Tabhair leat pas imdhíonta do linbh gach uair.

Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí ag clinic áitiúil de chuid FSS chun comhairle a fháil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Déan coinne le do dhochtúir le haghaidh vacsaíní 12 mhí do linbh. Is maith an rud é meabhrúchán a chur i d'fhón nó dáta na chéad choinne eile ag do leanbh a scríobh ar fhéilire.

Seolfaidh FSS litir chugat maidir leis na vacsaíní a thabharfar do do leanbh ag an gceathrú cuairt ag 12 mhí agus ag an gcúigiú cuairt ag 13 mhí.



Cuairt 4

Scríobhfaidh FSS chugat maidir leis na vacsaíní a thabharfar do do leanbh ag an gceathrú cuairt ag 12 mhí agus ag an gcúigiú cuairt ag 13 mhí. Ba cheart duit coinne a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh le haghaidh na vacsaíní sin. Mura bhfaigheann tú litir ó FSS, ba cheart duit coinne a dhéanamh dul chuig an dochtúir nuair a bheidh do leanbh 12 mhí d'aois.

Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í 12 mhí d'aois?

Tabharfar dhá vacsaín do do leanbh nuair a bheidh sé/sí 12 mhí d'aois:

1. An vacsaín MMR chun cosaint ar an mbruitíneach, ar an leicneach agus ar an mbruitíneach dhearg; agus
2. Teanndáileog MenB (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí agus ceithre mhí d'aois).

Is mar instealladh sa sciathán nó sa chos a thugtar na vacsaíní seo do do leanbh.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fhéadfadh sciathán nó cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/uirthi tar éis an vacsaínithe. Seans go dtiocfadh gríos éadrom agus fiabhras (ar a dtugtar an 'bhruitíneach bheag') ar do leanbh idir 6 agus 10 lá tar éis na vacsaíne. Ní chuirfidh do leanbh an 'bhruitíneach bheag' ar aghaidh chuig duine ar bith eile. D'fhéadfadh faireoga do linbh at faoina g(h)iall (ar a dtugtar an 'leicneach bheag') trí seachtaine tar éis na vacsaíne. Ní chuirfidh do leanbh an 'leicneach bheag' ar aghaidh chuig duine ar bith eile.



Cuimhnigh

Is gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí an dochtúir uair **amháin** eile chun a vacsaíní ar fad a fháil agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair thromchúiseacha. Tabhair leat pas imdhíonta do linbh gach uair.

D'fhéadfadh cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/uirthi tar éis an vacsaínithe. Má tá fiabhras ard os cionn 39°C air/uirthi (má mhothaíonn sé/sí i bhfad níos teo ná mar is gnáth), nó má sé/sí trína c(h)éile, is féidir na nithe seo a leanas a thabhairt dó/di:

1. bainne nó uisce fiuchta fuaraithe; agus
2. paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein naíonáin – lean na treoracha ar an bpacáistíocht.

Toisc go bhfuil do leanbh níos sine anois, ní gá 3 dháileog de pharaicéiteamól a thabhairt dó/di tar éis na vacsaíne MenB de ghnáth. Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí ag clinic áitiúil de chuid FSS chun comhairle a fháil.



Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Déan coinne le do dhochtúir le haghaidh vacsaíní 13 mhí do linbh. Is maith an rud é meabhrúchán a chur i d'fhón nó dáta na chéad choinne eile ag do leanbh a scríobh ar fhéilire.



Cuairt 5

Cé na vacsaíní a thabharfar do mo leanbh agus é/í 13 mhí d'aois?

Tabharfar dhá vacsaín do do leanbh nuair a bheidh sé/sí 13 mhí d'aois:

1. An vacsaín Hib/MenC. Leis an vacsaín seo, cuirfear leis an gcosaint a fuair do leanbh le hinstealladh ag 2, 4 agus 6 mhí i gcás Hib (mar chuid de 6 vacsaín in 1 cheann amháin) agus MenC a tugadh dó/di ag 6 mhí d'aois; agus
2. An vacsaín PCV (is é seo an vacsaín chéanna a tugadh do do leanbh agus é/í dhá mhí agus sé mhí d'aois).

Is mar instealladh sa sciathán nó sa chos a thugtar na vacsaíní seo do do leanbh.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fhéadfadh cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/uirthi tar éis an vacsaínithe. Má tá fiabhras ard os cionn 39°C air/uirthi (má mhothaíonn sé/sí i bhfad níos teo ná mar is gnáth), nó má sé/sí trína c(h)éile, is féidir na nithe seo a leanas a thabhairt dó/di:


1. bainne nó uisce fiuchta fuaraithe; agus
2. paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein naíonáin – lean na treoracha ar an bpacáistíocht.

Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí ag clinic áitiúil de chuid FSS chun comhairle a fháil.





Tá an sceideal imdhíonta óige críochnaithe ag do leanbh anois, agus ní bheidh aon vacsaín eile ag teastáil uaidh/uaithi go dtí go mbeidh sé/sí ceithre nó cúig bliana d'aois. Coinnigh pas imdhíonta do linbh in áit shábháilte le haghaidh vacsaíní eile amach anseo.



An dá vacsaín nua

Vacsáin MenB

Cabhraíonn an vacsaín MenB le do leanbh a chosaint ar ghalair meiningeacocúil B. Ionfhabhtú baictéarach tromchúiseach is ea é seo atá ina chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus le seipticéime (nimhiú fola).

Is é galar meiningeacocúil B atá ina chúis le formhór na n-ionfhabhtuithe agus na mbásanna de bharr meiningítis i measc leanaí óga in Éirinn. Laghdófar líon na n-ionfhabhtuithe agus na mbásanna sin leis an vacsaín MenB. Vacsáin shábháilte éifeachtach atá ann. Tugtar an vacsaín in go leor tíortha ar fud an domhain, lena n-áirítear do gach leanbh sa Ríocht Aontaithe.

Cé na leanaí ar cheart dóibh an vacsaín MenB a fháil?

Ba cheart an vacsaín MenB a thabhairt do gach leanbh a rugadh an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh sin ag an gcúirt ag 2, 4 agus 12 mhí d'aois.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaín MenB a fháil?

D'fhéadfaí go dtiocfadh míchompord, deargadh nó at san áit ar tugadh an t-instealladh do do leanbh. Tá baol níos mó ann i measc leanaí atá níos óige ná 12 mhí go dtiocfadh fiabhras ard (os cionn 39°C) orthu tar éis na vacsaíne MenB.

Molaimid duit **3 dháileog** de pharaicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt do do leanbh tar éis na vacsaíní ag 2 mhí agus ag 4 mhí d'aois. Ba cheart duit 2.5 ml (60 mg) de pharaicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt do do leanbh, leis an steallaire sa bhuidéal a fuair tú ón bpoitigéir. Níl ann ach méid beag, thart ar leath de spúnóg tae, agus ba cheart é a thabhairt mar seo a leanas:

1. 2.5 ml (60 mg) de pharaicéiteamól leachtach do leanaí nuair a thugtar an vacsaín nó go gairid ina dhiaidh sin.
2. An dara dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis na chéad dáileoige.
3. An tríú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an dara dáileog.

Paraicéiteamól leachtach naíonáin		Cuairt 2 mhí	Cuairt 4 mhí
Dáileog 1	2.5 ml (60 mg)	Tráth an insteallta	Tráth an insteallta
Dáileog 2	2.5 ml (60 mg)	4-6 uair an chloig tar éis na chéad dáileoige	4-6 uair an chloig tar éis na chéad dáileoige
Dáileog 3	2.5 ml (60 mg)	4-6 uair an chloig tar éis an dara dáileog	4-6 uair an chloig tar éis an dara dáileog

Má bhí do leanbh níos éadroime ná 3.5 kg (7 lb 7 oz) ag an scrúdú 6 seachtaine, ba cheart duit é sin a rá leis an dochtúir nó leis an altra chun gur féidir leis/léi do leanbh a mheá arís agus an méid ceart paraicéiteamóil do do leanbh a rá leat.

Má tá fiabhras ar do leanbh go fóill, is féidir leat 1 dáileog amháin eile de pharaicéiteamól a thabhairt. Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí chun tuilleadh comhairle a fháil.

Ní gá duit paraicéiteamól a thabhairt do do leanbh tar éis na vacsaíne MenB ag 12 mhí mura bhfuil fiabhras ard air/uirthi.

Ní bhíonn sé éasca paraicéiteamól a thabhairt do leanaí óga. Ba cheart duit féachaint ar an gcaoi a dtugann an dochtúir nó an t-altra na braonta béil rótaivíris leis an gcaoi is fearr le paraicéiteamól a thabhairt do leanbh a fhoghlaim.

Vacsáin bhéil rótaivíris

Ionfhabhtú víreasach is ea rótaivíreas atá ina chúis le buinneach agus cur amach i naíonáin agus i leanaí óga. Tá sé an-tógalach ar fad, agus is féidir é a scaipeadh go héasca mar seo a leanas:

- teagmháil idir na lámha agus an béal (baint do bhréagáin, dromchlaí, clúidíní salacha); nó
- casacht agus sraothartach.

Tiocfaidh formhór na leanaí chucu féin sa bhaile, ach is gá do roinnt leanaí dul chuig an ospidéal. Glactar thart ar 880 leanbh faoi bhun 5 bliana d’aois isteach san ospidéal gach bliain in Éirinn agus ionfhabhtú rótaivíris orthu. 5 lá a chaitheann siad san ospidéal ar an meán. Laghdófar líon na n-ionfhabhtuithe sin agus an líon leanaí a ghlactar isteach san ospidéal leis an vacsaín bhéil rótaivíris. Vacsáin shábháilte éifeachtach atá ann. Tugtar an vacsaín do gach aon leanbh in go leor tíortha eile, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus an Astráil.

Tugtar an vacsaín bhéil rótaivíris mar bhraonta i mbéal do linbh. Is féidir do leanbh a bheathú am ar bith roimh an vacsaín nó ina diaidh.

Cé na leanaí ar cheart dóibh an vacsaín bhéil rótaivíris a fháil?

Ba cheart an vacsaín rótaivíris a thabhairt do gach leanbh a rugadh an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh sin ag an gcuairt ag 2 mhí agus 4 mhí d’aois. Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh do leanbh an vacsaín in am leis an gcosaint is fearr a chinntiú.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaín bhéil rótaivíris a fháil?

Ní bhíonn aon fhadhb ag an gcuid is mó de leanaí tar éis dóibh an vacsaín seo a fháil. B’fhéidir go dtiocfadh cantal nó buinneach éadrom ar roinnt leanaí, nó, i gcás líon beag leanaí, b’fhéidir

go dtiocfadh pian ar a mbolg, go mbeidís lán le gaoth, nó go dtiocfadh athlasadh ar a ggraiceann acu.

I gcásanna fíor-annamha ar fad, b'fhéidir go dtiocfadh bac sa phutóg ag leanbh (ar a dtugtar aishfhillleadh stéige). Tarlaíonn sé sin i gcás thart ar 1 leanbh amháin i measc gach 50,000 leanbh a dtugtar an vacsaín dóibh. Bíonn drochphian ina mbolg ag leanaí a bhfuil bac sa phutóg acu. Tiochfaidh agus imeoidh an phian, ach is minice a bheidh an phian ann tar éis roinnt uaireanta an chloig. B'fhéidir go gcuirfidís amach freisin nó b'fhéidir go mbeadh fuil sa chluídín acu. Téigh i dteagmháil leis an dochtúir teaghlaigh ar an bpointe boise má tharlaíonn sé sin. Is féidir cóireáil a chur air sin san ospidéal.

Ní féidir an vacsaín rótaivíris a thabhairt do leanbh tar éis 8 mí agus 0 lá d'aois mar is mó an baol go dtarlódh bac sa phutóg i leanaí níos sine.



Cuimhnigh

Ní mór na vacsaíní rótaivíris a thabhairt do do leanbh sula mbeidh sé/sí 8 mí d'aois.

Céard is imdhíonadh ann agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaí vacsaíní do do leanbh?

Céard is imdhíonadh ann?

Is slí shábháilte éifeachtach é imdhíonadh chun do leanbh a chosaint ar ghalair áirithe. Tá na rioscaí a bhaineann leis na galair sin i bhfad níos mó ná riosca fo-iarsmaí beaga ar bith ó imdhíonadh.

Céard is cúis le hionfhabhtú?

Is é is cúis le hionfhabhtú frídíní a théann isteach sa chorp:

- trí ghearrthacha,
- trína n-análú isteach, nó
- trína slogadh.

Is iad na frídíní sin is cúis ansin le galair amhail meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn), niúmóine (ionfhabhtú sna scamhóga) agus seipticéime (nimhiú fola).

Céard is galar tógálach ann?

Galar é seo a chuirtear ar aghaidh é ó dhuine go duine trí chasacht agus sraothartach de ghnáth. ‘Iompraíonn’ daoine áirithe na frídíní ina gcorp ach ní bhíonn siad féin tinn. Mar shampla, tá frídíní meiningeacocúla ar iompar ag duine amháin as deichniúr, ach ní éireoidh ach duine amháin as 10,000 tinn le meiningíteas nó seipticéime.

Samplaí eile de ghalair thógálacha is ea iad bruitíneach, triuch, eitinn (TB), diftéire agus polaimiaillíteas.

Conas a chosnaíonn corp mo linbh é féin ar ionfhabhtú?

Nuair a théann frídíní isteach i gcorp do linbh, déanann córas imdhíonachta do linbh ‘antasubstaintí’ chun troid ina gcoinne. Dhá fheidhm a bhíonn ag antasubstaintí:

- 1.** lonsaíonn siad na frídíní agus maraíonn siad iad. Mar sin féin, bíonn méid áirithe ama ag teastáil ón gcorp chun go leor antasubstaintí a dhéanamh. Uaireanta, déanann na frídíní díobháil do chorp do linbh sular féidir leis na hantasubstaintí iad a scriosadh.
- 2.** Fanann siad i gcorp do linbh freisin chun iad a chosaint ar ionfhabhtú eile amach anseo. Má dhéanann na frídíní céanna iarracht do leanbh a ionfhabhtú arís, scriosfaidh na hantasubstaintí iad sula mbeidh seans acu tinneas a chur ar do leanbh. ‘Imdhíonacht nádúrtha’ a thugtar ar an gcaoi seo chun troid i gcoinne frídíní. Is é sin an fáth nach bhfaigheann formhór na ndaoine galair amhail bruitíneach nó deilgneach ach aon uair amháin, fiú amháin má bhíonn siad nochta dóibh go minic.

An fhadhb a bhaineann le himdhíonacht nádúrtha a fháil ó fhrídíní ná go mbeidh an leanbh tinn sula mbeidh imdhíonacht aige/aici. Fiú amháin, d’fhéadfadh frídíní áirithe do leanbh a dhéanamh an-tinn ar fad nó b’fhéidir do leanbh a mharú sula mbeadh a c(h)orp in ann a dhóthain antasubstaintí a dhéanamh chun na frídíní a scriosadh. Is mar gheall air sin a thugaimid vacsaíní chun do leanbh a chosaint ar na frídíní sin.

Conas a oibríonn vacsaíní?

Nuair a thugtar vacsaín do leanbh, freagraíonn a c(h)orp trí antasubstaintí a dhéanamh, amhail is go raibh sé/sí tar éis an galar a tholghadh gan éirí tinn. Fanann na hantasubstaintí sin a

chruthaigh corp do linbh ina c(h)orp ina dhiaidh sin chun é/í a chosaint ar an ngalar féin.

Cé mhéad ama a ghlacann vacsaíní le tosú ag obair?

Tógann sé roinnt seachtainí ar vacsaíní tosú ag obair de ghnáth. Mar sin, ní bheidh cosaint ag do leanbh ar an bpointe boise.

Cén fáth a bhfuil níos mó ná aon dáileog vacsaíne amháin de dhíth ar mo leanbh?

Ní mór roinnt dáileog a thabhairt i gcás fhormhór na vacsaíní chun cosaint fhadtéarmach a chruthú. Mar shampla, níl ach leathchosaint ag leanbh a fhaigheann dáileog amháin nó dhá dháileog den vacsaín treacha ar an ngalar sin, agus d'fhéadfadh sé/sí triuch a tholghadh fós. Is é sin an fáth a bhfuil sé an-tábhachtach ar fad go dtugann do leanbh na cúig chuairt ar fad ar an dochtúir teaghlai, agus go dtugtar na vacsaíní ar fad dó/di.

Nuair a bhainfidh do leanbh aois scoile amach, tabharfar dáileoga eile de vacsaíní áirithe dó/di chun go mbeidh cosaint fhadtéarmach níos fearr fós aige/aici.

Teanndáileoga a thugtar orthu sin.



Gach eolas ar an sceideal imdhíonta óige

Tá athrú tagtha ar an sceideal imdhíonta óige do gach leanbh a rugadh an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh.

Cén fáth a bhfuil athrú tagtha ar an sceideal?

Tá dhá vacsaín nua ann do leanaí a rugadh an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh. Cosnóidh na vacsaíní nua ar ghalar meiningeacocúil B (an vacsaín MenB) agus ar ghalar rótaivíris (an vacsaín bhéil rótaivíris). Tá athrú tagtha ar an aois ag a dtabharfar roinnt de na vacsaíní eile ionas gur féidir an vacsaín MenB a thabhairt a luaithe is féidir chun do leanbh a chosaint. Tá tuilleadh eolais air sin le fáil sa chuid ‘Sceideal Imdhíonta mo Linbh’ ar leathanaigh 10-20 den leabhrán seo.

Cén fáth a thugtar vacsaíní ag aois chomh luath sin?

Is iad leanaí óga is mó atá i mbaol na galair sin a fháil, agus is gá iad sin a chosaint a luaithe is féidir. Mar shampla, tá an baol is mó i leith aimhréidheanna tromchúiseacha treacha ag baint le leanaí atá níos óige ná sé mhí d’aois (is gá 6 as gach 10 leanbh san aoisghrúpa seo a thabhairt chuig an ospidéal, agus baineann 9 mbás as gach 10 de bharr treacha leis an aoisghrúpa seo).

Anuas air sin, ní féidir an vacsaín bhéil rótaivíris a thabhairt ach do leanaí atá faoi bhun 8 mí d’aois. Tá sé sin amhlaidh mar, i gcásanna fíor-annamha, d’fhéadfaí go dtiocfadh bac ar an bputóg dá dtabharfaí an vacsaín ina dhiaidh sin.

Eisceacht atá sa vacsaín MMR. Ní gnách é a thabhairt do leanaí faoi bhun 12 mhí d'aois mar tá an seans ann nach n-oibreodh sé i gceart i leanaí óga.

Ní mór na vacsaíní a thabhairt do do leanbh ag an aois cheart ionas go mbeidh sé/sí cosanta ar ghalair thromchúiseacha ag an aois is leochailí.

Cén fáth a dtugtar go leor vacsaíní le chéile?

Bíonn roinnt tuismitheoirí buartha go bhféadfadh sraith vacsaíní ag an am céanna ualach rómhór a chur ar chóras imdhíonachta a linbh nó go bhfuil an seans ann nach n-oibreodh na vacsaíní i gceart.

Ach níor cheart a bheith buartha faoi rud ar bith, ós rud é go bhfuil córas imdhíonachta do linbh in ann déileáil le vacsaíní go héasca. Tá sé léirithe ag staidéir éagsúla go bhfuil vacsaíní díreach chomh sábháilte agus díreach chomh héifeachtach nuair a thugtar iad le chéile is atá siad nuair a thugtar iad ina n-aonar.

Trí roinnt vacsaíní a thabhairt ag aon am amháin, tugtar cosaint don leanbh ag aois níos óige agus bíonn líon níos lú instealltaí le tabhairt. Mar shampla, dá mba rud é go bhfuair do leanbh instealltaí ar leith de na vacsaíní don bhruitíneach, don leicneach agus don bhruitíneach dhearg seachas an chomhvacsáin MMR, bheadh sé instealladh ag teastáil seachas péire.

Bíonn roinnt vacsaíní ag teastáil ó do leanbh chun an chosaint is fearr a fháil, mar sin tá sé tábhachtach an cúrsa vacsaíní a chríochnú.

An mbeidh an t-imdhíonadh éifeachtach i gcónaí fiú mura dtugtar na vacsaíní do mo leanbh ag an am ceart?

Beidh. Is féidir an chuid is mó de na vacsaíní seo a thabhairt ag aois ar bith, agus ní gá do leanbh a chaill instealladh amháin i rith cúrsa instealltaí tosú ón tús arís. Mar sin féin, ní bheidh cosaint iomlán ag go leanbh go dtí go mbeidh na vacsaíní ar fad faighte aige/aici.

Anuas air sin, ná déan dearmad nach féidir an vacsaín bhéil rótaivíris a thabhairt ach do leanaí atá faoi bhun 8 mí d'aois.

Céard a tharlóidh mura dtugtar na vacsaíní do mo leanbh ar chor ar bith?

Tá dhá fhéidearthacht ann:

1. ní thiocfaidh do leanbh i dteagmháil leis na frídíní is cúis leis na galair seo agus, ar an ábhar sin, ní bheidh sé/sí tinn.
2. tiocfaidh do leanbh i dteagmháil leis na frídíní, mar leanbh nó mar dhuine fásta amach anseo. Má thagann, tá seans maith ann go dtiocfadh an galar air/uirthi.

Má thagann an galar ar do leanbh:

- d'fhéadfadh sé/sí a bheith beagáinín tinn agus bheadh air/uirthi fanacht istigh ar feadh roinnt laethanta; nó
- d'fhéadfadh sé/sí a bheith an-tinn ar fad agus bheadh air uirthi dul chuig an ospidéal nó, sa chás is measa, d'fhéadfadh sé/sí bás a fháil.

Anuas air sin, d'fhéadfadh do leanbh na galair a scaipeadh i measc daoine eile nach bhfuil cosaint acu orthu amhail daoine atá ró-óg le bheith vacsaínithe. D'fhéadfadh a lán daoine éirí an-tinn agus d'fhéadfadh roinnt acu bás a fháil mura bhfuil go leor daoine cosanta sa phobal.

Cé chomh mór is atá an seans go mbeidh mo leanbh nochta do na galair seo?

Is rí-annamh a fheictear cuid de na galair seo in Éirinn inniu, mar sin níl ach seans beag nochta ann. Mar sin féin, tá galair eile ann atá coitianta go leor go fóill. **Ní fheictear cuid de na galair ach go hannamh in Éirinn ach tá siad coitianta i dtíortha eile, mar sin d'fhéadfadh do leanbh na galair sin a tholgadh agus é/í thar lear.**

Níor cheart duit talamh slán a dhéanamh de go bhfuil do leanbh sábháilte go hiomlán ar ghalair, fiú amháin na galair nach bhfeictear ach go hannamh. Feictear cásanna diftéire i dtíortha áirithe san Áise go fóill, agus fuair leanbh amháin bás ó dhiftéire sa Bheilg in 2016. Thit eipidéim mhór pholaimiailítis amach in Oirthear na hEorpa in 2010. Bíonn polaimiailíteas le feiceáil sa Phacastáin agus san Afganastáin go fóill.

Ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar an méid taistil a dhéantar go dtí na tíortha sin agus uathu, d'fhéadfaí go dtiocfadh na galair sin chun cinn in Éirinn. Mura bhfuil imdhíonadh ag go leor daoine ar ghalair éagsúla, titfidh eipidéimí amach ina dtolgfaidh go leor daoine an galar agus gheobhaidh cuid acu bás.

Mura bhfuil imdhíonadh ag do leanbh orthu, is mó an baol ann go dtógfadh sé/sí na hionfhabhtuithe sin nuair a bheidh sé/sí níos sine. Is contúirtí ionfhabhtuithe áirithe i measc déagóirí agus daoine fásta ná mar atá i measc leanaí. Mar shampla, d'fhéadfadh leicneach i measc buachaillí in aois déagóra nó i measc fir óga a bheith ina cúis le hat na magairlí. Dá dtarlódh sé sin, b'fhéidir nach mbeidís in ann leanbh a bheith acu. Dá dtiocfadh an bhruitíneach dhearg ar bhean le linn na gcéimeanna luatha den toircheas, d'fhéadfaí go mbeadh éalanga móra ó bhroinn ar a leanbh dá bharr. Is measa an bhruitíneach i measc daoine fásta uaireanta freisin.

An oibríonn vacsaíní i gcónaí?

Oibríonn vacsaíní an chuid is mó den am, ach ní oibríonn siad i gcónaí. Cosnaíonn an chuid is mó de vacsaíní óige naonúr as

Faigh an vacsaín in am an t-am ar fad



deichniúr (idir 90% agus 99%) de na leanaí a dtugtar dóibh iad, ach tarlaíonn sé uaireanta nach bhfreagraíonn leanbh áirithe do vacsaíní áirithe.

Sin fáth eile go bhfuil sé tábhachtach go dtugtar vacsaíní do gach aon leanbh. Más rud é nach bhfreagraíonn leanbh don vacsaín, bíonn sé/sí ag brath ar imdhíonacht na ndaoine eile thart timpeall air/uirthi chun cosaint a fháil. D'fhéadfadh leanbh nach bhfuil imdhíonta do leanbh féin a ionfhabhtú.

Cé chomh héifeachtach is atá vacsaíní?

Vacsaín	Céatadán na leanaí imdhíonacha tar éis dóibh na dáileoga molta den vacsaín a fháil
Diftéire	97%
Heipitíteas B	80 suas go 100%
Hib	95 suas go 100%
BLBD	95%
MenB	88%
MenC	90%
Triuch	75 suas go 90%
Níúmacocúil (PCV)	90%
Polaimiaílfteas	99%
Rótaivíreas (vacsaín bhéil)	82 suas go 94%
Teiteanas	Beagnach 100%

A+

I scoil ina bhfuil
1,000 dalta

Gan vacsaín MMR X

- 1,000 cás den bhruiténeach
- Tagann níúmóine ar 40 leanbh
- Tagann ionfhabhtú cluaise ar 50 leanbh
- Faigheann 1-2 leanaí bás

Vacsáiníthe le MMR ✓

- 50 cás den bhruiténeach
- Tagann níúmóine ar 2 leanaí
- Tagann ionfhabhtú cluaise ar 2-3 leanaí



Comhábhair agus sábháilteacht vacsaíní

Céard atá istigh i vacsaíní?

Iad seo a leanas atá i vacsaíní:

- comhábhair ghníomhacha (an vacsaín féin); agus
- breiseáin amhail leasathigh agus cobhsaitheoirí.

Comhábhair ghníomhacha

I gcás roinnt vacsaíní, bíonn méid beag bídeach de na frídíní is cúis le hionfhabhtuithe iontu. Maraítear nó lagaítear na frídíní i vacsaíní áfach. Mar sin, ní bheidh do leanbh tinn ina ndiaidh agus tá sé sábháilte iad a úsáid.

Breiseáin

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i vacsaíní:

- roinnt bheag leasathaigh chun na vacsaíne a chosaint ó thruailliú;
- breiseáin eile chun cinntiú go bhfuil an comhábhair vacsaíne gníomhach measctha go cothrom tríd an meascán insteallta; agus
- roinnt bheag salainn alúmanaim, a chabhraíonn leis an gcorp chun freagairt níos fearr leis an vacsaín..

Tá an leibhéal breiseáin i vacsaíní an-íseal agus laistigh de na leibhéil atá molta go hidirnáisiúnta. Níl na breiseáin sin ina gcúis le haon fhadhbanna móra sláinte i leanbáin ná i leanaí óga.



An bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte. Is féidir le fo-iarsmaí a bheith ag baint le gach cineál leighis, ach bíonn na fo-iarsmaí seo éadrom i gcás vacsaíní de ghnáth, amhail sciathán nó cos thinn nó fiabhras éadrom. Is rí-annamh a bhíonn fo-iarsmaí tromha ag baint le vacsaíní.

Léiríonn taighde ó áiteanna ar fud an domhain gurb é imdhíonadh an tslí is sábháilte chun sláinte do linbh a chosaint. Is féidir le do dhochtúir nó d'altra na rioscaí a phlé leat sula dtabharfar vacsaíní do leanbh.

Cé atá i gceannas ar vacsaíní a rialú in Éirinn?

Tá na vacsaíní molta go léir a úsáidtear chun leanaí a chosaint in Éirinn ceadúnaithe ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte nó ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. Ní dhéantar iad a cheadúnú ach amháin nuair a léirítear go bhfuil siad sábháilte agus éifeachtach.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil faoi na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn?

Tá tuilleadh faisnéise le fáil iontu seo a leanas:

- sa Bhileog Eolas d'Othair (PIL) ina dtugtar liosta de na comhábhair; agus
- san Achoimre ar Shaintréithe Táirge (SmPC) ina dtugtar faisnéis níos mionsonraithe, go háirithe i gCuid 2 agus 6.1.

Tá na doiciméid sin le fáil ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- www.medicines.ie
- www.hpra.ie/homepage/medicines/medicines-information/find-a-medicine
- www.ema.europa.eu/ema/

Ní mór ainmneacha na vacsaíní a bheith ar eolas agat chun na suíomhanna gréasáin sin a chuardach. Tá ainm táirge na vacsaíní go léir ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.immunisation.ie

Céard faoi na scéalta sceimhle?

Níl vacsaíní ina gcúis le huathachas, diaibéiteas, scléaróis iolrach, ailléirgí, asma ná neamhord easnamh airde (rud ar a dtugtar hipirghníomhaíocht go coitianta). Ach nuair a tharlaíonn rudaí dár leanaí timpeall an ama a thugtar vacsaín dóibh, is féidir linn a bheith ag ceapadh go mícheart go bhfuil nasc idir an dá rud.

In 1998, d'fhoilsigh an Dr Andrew Wakefield staidéar conspóideach a rinneadh sa Ríocht Aontaithe in *The Lancet* (irisleabhar leighis a bhfuil an-mheas air) inar maíodh go raibh nasc idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas.

Is minic a bhíonn comharthaí sóirt an uathachais le feiceáil den chéad uair thart timpeall ar an aois a thugtar an vacsaín MMR do leanaí, ach níl ceann amháin ina chúis leis an gceann eile. Ós rud é go n-imdhíontar an chuid is mó de leanaí, tá seans mór ann go mbíonn imdhíonadh déanta ar na leanaí ag a bhfuil riochtaí sláinte amhail uathachas, asma nó neamhord easnamh airde chomh maith. Is iomaí staidéar atá déanta le fáil amach an mó an seans go mbeadh na riochtaí sin ag gabháil do leanaí ar tugadh vacsaíní dóibh. Níor aimsíodh ceangal ar bith sna staidéir sin idir na riochtaí sláinte agus na vacsaíní.

Taighde ar an vacsaín MMR

Tá taighde cuimsitheach déanta ar an vacsaín MMR sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa tSualainn agus san Fhionlainn, a raibh na mílte leanbh páirteach ann. Léirigh an taighde sin nach bhfuil aon cheangal ann idir MMR agus uathachas.

I staidéar amháin, rinneadh scrúdú ar gach leanbh a rugadh sa Danmhairg idir 1991 agus 1998. Tugadh an vacsaín MMR d'ochtar as gach deichniúr leanaí (82%) a rugadh sa Danmhairg i rith na tréimhse sin. Rinne na taighdeoirí scrúdú ar na taifid i gcás breis is leathmhilliún leanbh agus fuarthas go raibh an riosca céanna uathachais ann i measc leanaí a fuair an vacsaín is a bhí i measc leanaí nach bhfuair.

Ceisteanna coitianta faoi imdhíonadh

Mura bhfuil tú cinnte gur féidir vacsaín a thabhairt do do leanbh, labhair le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí.

An bhfuil leanaí ar bith ann nár cheart na vacsaíní seo a thabhairt dóibh?

Fíorbheagán. Níor cheart do do leanbh an vacsaín a fháil má tháinig frithghníomhú ailléirgeach fíorthrom air/uirthi (anaifiolacsas) de bharr vacsaín a fuair sé/sí roimhe sin nó de bharr aon choda de vacsaín.

Rótavíreas

Níor cheart do do leanbh an vacsaín bhéil rótaivíris a fháil má bhaineann na nithe seo a leanas leis/léi:

- bhí bac sa phutóg (aisfhilleadh stéige) aige/aici roimhe seo;
- diagnóis de chomheaspa imdhíonachta throm (SCID);
- fadhb leis an gconair ghastraistéigeach (putóg), rud a d'fhéadfadh cur leis an riosca de bhac sa phutóg;
- éadulaingt ar shiúcra.

An bhfuil aon fháthanna ann ar chóir moill a chur ar imdhíonadh?

Fíorbheagán. Má tá teocht ard ar do leanbh, ba cheart fanacht go dtí go mbeidh biseach tagtha air/uirthi. Mar sin féin, i gcás leanbán agus leanaí a bhfuil casacht nó slaghdán éadrom orthu nó atá ag glacadh antaibheathach, is féidir iad a imdhíonadh go sábháilte agus go héifeachtach.

Ba cheart duit fanacht sula dtabharfar vacsaín MMR do do pháiste ag 12 mhí d'aois sna cásanna seo a leanas:

- má tá sé/sí ag glacadh dáileoga arda stéaróideach;
- má tá ceimiteiripe nó radaiteiripe á cur air/uirthi; nó
- má tá aon tinneas nó galar air/uirthi a mbeadh tionchar aige sin ar a c(h)óras imdhíonachta.

Céard a tharlóidh má rugadh mo leanbh roimh a (h)am, má bhí meáchan breithe íseal aige/aici nó má bhí buíochán air/uirthi?

Tá sé tábhachtach leanbáin a rugadh roimh a n-am a chosaint ar ghalair thógálacha mar is mó an baol atá ann go bhfaighidís ionfhabhtuithe áirithe. Go ginearálta, ba cheart leanbáin a rugadh roimh a n-am a imdhíonadh mar is gnách.

Más rud é go raibh meáchan breithe an-íseal ag do leanbh, ba cheart duit a riachtanais imdhíonta a phlé le do pháidiatraí (dochtúir a fuair oiliúint ar leith sa chúram míochaine do leanaí).

Céard a tharlóidh má tá galar tromchúiseach ar mo leanbh?

Tá sé an-tábhachtach go ndéantar imdhíonadh ar leanaí a bhfuil galair thromchúiseacha orthu, mar is minic gur mó an baol dóibhsean ó aimhréidheanna ionfhabhtuithe. Ba cheart leanaí a bhfuil riochtaí néareolaíocha amhail pairilis cheirbreach nó Siondróm Down ag gabháil dóibh a imdhíonadh mar is gnách.

Mar sin féin, caithfear a bheith cúramach más féidir a (h) imdhíonacht a laghdú mar thoradh ar an ngalar nó ar an gcóir leighis. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh faoin imdhíonadh sna cásanna seo a leanas:

- tá ailse air/uirthi;
- tá comheaspa imdhíonachta throm (SCID) air/uirthi;
- tá easpa imdhíonachta de chineál eile ag gabháil dó/di; nó

- tá leigheas á ghlacadh aige/aici a d'fhéadfadh a c(h)umas troid i gcoinne ionfhabhtuithe a laghdú.

Má tugadh aistriú fola nó táirgí fola do do leanbh, níor cheart an vacsaín MMR a thabhairt dó/di go dtí sé mhí tar éis an aistrithe ar a laghad.

Céard ba cheart a dhéanamh má tá asma, eachma nó fiabhras léana ar mo leanbh?

Ba cheart vacsaíní a thabhairt do leanaí a bhfuil asma, eachma nó fiabhras léana orthu. Ba cheart vacsaíní a thabhairt do leanaí atá ag glacadh stéaróideach trí análóir nó in uachtar stéaróidigh dáileoige ísle mar is gnách. Labhair leis an dochtúir teaghlaigh nó leis an altra atá ag tabhairt na vacsaíne má bhíonn ceist ar bith agat.

An féidir an vacsaín MMR a thabhairt do mo leanbh má tá ailléirge air/uirthi le huibheacha?

Creideadh san am atá caite nárbh cheart vacsaín MMR a thabhairt do leanaí a bhfuil ailléirge orthu le huibheacha. Mura bhfuil ann ach nach dtaitníonn uibheacha le do leanbh nó más rud é go mbíonn buinneach air/uirthi nó pian ina b(h)olg tar éis uibheacha a ithe, ba cheart an vacsaín MMR a thabhairt dó/di.

Fiú amháin i gcás leanaí a bhfuil drochailéirge orthu le huibheacha, ba cheart an vacsaín MMR a thabhairt dóibh.

Céard a tharlóidh má tá titimeas ar mo leanbh?

Ba cheart vacsaíní a thabhairt do na leanaí seo má tá siad i riocht cobhsaí. Ba cheart vacsaíní a thabhairt mar is gnách freisin do leanaí a bhfuil stair theaghlaigh de thaomanna nó titimeas ag baint leo.

Céard a tharlóidh má bhí trithí fiabhrasacha (taomanna) ar mo leanbh roimhe seo?

Tagann taomanna (trithí fiabhrasacha) ar roinnt leanaí má bhíonn teocht ard nó fiabhras orthu.

Toisc go dtagann fiabhras ar roinnt leanaí tar éis na vacsaíne MenB a thugtar ag 2 mhí agus 4 mhí d'aois (cuairt 1 agus 2), molaimid duit paraicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt do do leanbh tar éis na vacsaíne sin. Féach leathanach 23 le haghaidh tuilleadh sonraí ar conas é sin a dhéanamh.

Má thagann fiabhras ard (os cionn 39°C) ar do leanbh tar éis na vacsaíní ag 6 mhí, 12 mhí agus 13 mhí d'aois (cuairt 3, 4 agus 5), is féidir leat paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein naíonáin a thabhairt dó/di freisin. Lean na treoracha ar an bpacáistíocht.

Céard a tharlóidh má chuaigh mo leanbh faoi scian le déanaí, nó má tá sé beartaithe go rachaidh sé/sí faoi scian?

Ba cheart na vacsaíní a thabhairt dóibh go fóill. Níl aon ghá le himdhíonadh a chur siar toisc go mbeifear ag dul faoi scian, agus níl aon ghá le hobráid a chur siar de bharr imdhíonadh le déanaí. Mar sin féin, má chuaigh do leanbh faoi scian le fadhb sa phutóg a réiteach, níor cheart an vacsaín bhéil rótaivíris a thabhairt dó/di ag 2 mhí agus ag 4 mhí d'aois.

Céard a dhéanfar má bhí ceann de na galair seo ar mo leanbh cheana?

Ba cheart do leanbh a imdhíonadh fós féin. Tá sé tábhachtach go mbeadh do leanbh cosanta ar na galair go léir a chuimsítear leis an vacsaín, fiú más rud é go raibh ceann amháin de na galair ar an leanbh roimhe seo.



Ní fhorbraíonn leanaí faoi bhun dhá bhliain d'aois go leor imdhíonacht nádúrtha tar éis do bhreiteacht Hib, MenC nó galair níumacocúil a bheith orthu, agus ba cheart iad a imdhíonadh go fóill dá bharr.

An féidir mo leanbh a imdhíonadh má bhíonn sé/sí i ndlúth-theagmháil le bean atá ag iompar clainne?

Is féidir. Níl fadhb ar bith ag baint leis sin. Déanta na fírinne, cosnóidh imdhíonadh an linbh an bhean thorrach ó nochtadh do ghalair amhail an bhruitíneach dhearg.

Toisc gur vacsaín bhéil atá sa vacsaín rótaivíris, ba cheart do mhná torracha a lámha a ní go cúramach tar éis clúidíní a athrú.

An féidir le mo leanbh dul chuig an linn snámha mura bhfuil na vacsaíní ar fad faighte aige/aici?

Is féidir. Tá sé go hiomlán sábháilte do leanaí tosú ar an snámh ó rugadh iad roimh dóibh a gcuid vacsaíní a fháil. Na galair a dtugtar vacsaíní do leanaí ina n-aghaidh, ní iompraítear in uisce iad. Is féidir leat do leanbh a thabhairt ag snámh am ar bith.

An mbíonn vacsaíní eile de dhíth ar leanaí áirithe chomh maith?

Bíonn. B'fhéidir go mbeadh na vacsaíní don fhliú nó do heipitéas A de dhíth ar leanaí áirithe más mó an baol ann go dtolgfaidís na galair sin. Áirítear ina measc leanaí ar baineadh an liathán astu nó ar a bhfuil fiobróis chisteach, siondróm Down, easpa imdhíonachta, galar ainsealach croí, scamhóige, ae nó duáin, ainéime chorráncheallach, diaibéiteas nó tinneas fadréimhseach ar bith. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh faoi. Má tá tú le taisteal go tír eile, cuimhnigh ar a fháil amach an bhfuil aon vacsaíniú speisialta is gá a dhéanamh ar do leanbh.

Labhair leis an dochtúir teaghlaigh nó leis an altra atá ag tabhairt na vacsaíne má bhíonn ceist ar bith agat nó má bhíonn imní nó amhras ort.

Rugadh mo leanbh i dtír eile. An gá vacsaíní a thabhairt dó/di?

Is gá. Is gá an sceideal imdhíonta Éireannach a leanúint anois i gcás leanaí atá tagtha go hÉirinn. Ar an ábhar sin, faigheann siad an chosaint is fearr ar na galair sin atá níos coitianta in Éirinn. Ba cheart duit coinne a dhéanamh le do dhochtúir nó d'altra, agus na taifid vacsaínithe ar fad atá ag do leanbh ón tír inar rugadh é/í a thabhairt leat. Beidh an dochtúir nó an t-altra in ann a rá leat ansin cé na vacsaíní a bheidh de dhíth ar do leanbh.

Imdhíonadh mo leanbh i dtír eile. An gá vacsaíní a thabhairt dó/di in Éirinn freisin?

Is gá. Ní mór duit taifid imdhíonta do linbh a thabhairt leat chuig an dochtúir nó altra. Feicfidh siad an bhfuil vacsaíní ann nár tugadh do do leanbh go fóill agus ar cheart iad a thabhairt chun an chosaint is fearr a fháil ar na galair sin atá níos coitianta in Éirinn.

Tá pas imdhíonta mo linbh cailte agam. Céard ba cheart dom a dhéanamh?

Is féidir lear pas imdhíonta nua a ordú saor in aisce ar www.healthpromotion.ie. Beidh ort dul i dteagmháil le do dhochtúir nó leis an oifig sláinte áitiúil chun liosta a fháil de na vacsaíní atá faighte ag do leanbh cheana féin.

Tá níos mó daoine sábháilte mar thoradh ag imdhíonadh ar ghalair thógálacha ná ag aon ghníomhaíocht sláinte poiblí eile, seachas uisce glan a sholáthar.

Ceisteanna coitianta tar éis imdhíonadh

Céard iad na frithghníomhuithe coitianta a d'fhéadfadh teacht ar mo leanbh tar éis dó/di vacsaín a fháil agus céard ba cheart dom a dhéanamh?

Frithghníomh coitianta	Cad ba chóir a dhéanamh
<p>Ag 2 mhí agus 4 mhí d'aois (cuairt 1 agus 2)</p> <p>Bíonn sé coitianta fiabhras a fháil tar éis na vacsaíne MenB</p>	<ul style="list-style-type: none">• Tabhair 2.5 ml (60 mg) de pharaicéiteamól leachtach do leanaí nuair a thugtar an vacsaín nó go gairid ina dhiaidh sin.• Tabhair an dara dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig ina dhiaidh sin.• Tabhair an tríú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an dara dáileog.• Úsáid an steallaire sa bhuidéal chun an dáileog a thomhas.• Má tá do leanbh ceart ach má tá fiabhras air/uirthi go fóill, tabhair an ceathrú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an tríú dáileog.• Má bhí do leanbh níos éadroime ná 3.5 kg (7 lb 7 oz) ag an scrúdú 6 seachtaine, labhair le do dhochtúir faoin méid ceart paraicéiteamóil naíonáin is ceart a thabhairt.

<p>Tinneas, at agus deargadh in áit an insteallta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Déan deimhin de nach bhfuil éadaí ró-chúng nó ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.
<p>Buinneach éadrom tar éis na vacsaíne béil rótaivíris</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair neart bainne do do leanbh agus bí cinnte go n-ólann siad go leor leachtanna. • Nigh do lámha go cúramach tar éis clúidín do linbh a athrú agus a chur sa bhosca bruscair.

Cuimhnigh

- **Ná tabhair ach paraicéiteamól leachtach naíonáin chun an fiabhras a mhaolú.**
- **D'fhéadfadh do leanbh a bheith tinn ar fháth éigin eile, má éiríonn sé/sí an-tinn tar éis vacsaíniú. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh faoi.**

Ag 6 mhí, 12 mhí agus 13 mhí d'aois (cuairt 3, 4 agus 5)

Tinneas, at agus deargadh in áit an insteallta

- Tabhair paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúprífein naíonáin chun tinneas agus píanta a laghdú. Lean na treoracha ar an bpacáistíocht.
- Déan deimhin de nach bhfuil éadaí ró-chúng nó ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

<p>Fiabhras (os cionn 39°C) nó má mhothaíonn do leanbh níos teo ná mar is gnáth</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ná cuir an iomarca éadaí ná éadaí leapa ar do leanbh. • Bí cinnte de nach bhfuil a s(h)eomra ró-the. • Tabhair breis uisce fiuchta fuaraithe nó bainne le hól. • Tabhair paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein naíonáin chun tinneas agus píanta a laghdú. Lean na treoracha ar an bpacáistíocht.
<p>Tinneas cinn nó greannaitheacht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein naíonáin chun an fiabhras a mhaolú. Lean na treoracha ar an bpacáistíocht.

Cuimhnigh

- Ní gá paraicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt do do leanbh i gcónaí tar éis na vacsaíní ag 6, 12 agus 13 mhí d’aois. Níor cheart paraicéiteamól a thabhairt mura bhfuil fiabhras nó tinneas cinn ar do leanbh nó mura bhfuil sé/sí cantalach.
- **D’fhéadfadh do leanbh a bheith tinn ar fháth éigin eile, má éiríonn sé/sí an-tinn tar éis vacsaíniú. Labhair le do dhochtúir teaghligh faoi.**
- Tagann fiabhras ar roinnt leanaí idir 6 agus 10 lá tar éis dóibh an vacsaín MMR a fháil. Tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein leachtach naíonáin má tharlaíonn sé sin do do leanbh.

Nuair a cheannaíonn tú paraicéiteamól leachtach naíonáin nó iobúpróifein leachtach naíonáin do do leanbh, iarr ar an bpoitigéir leacht gan siúcra atá oiriúnach d’aois do linbh a thabhairt duit.

Is féidir le húsáid paraicéiteamóil leachtaigh naíonáin nó iobúpróifeine leachtaí naíonáin thar tréimhse fhada gan chomhairle ó dhochtúir dochar a dhéanamh.



Cé chomh luath tar éis na vacsaíne béil rótaivíris is féidir liom mo leanbh a bheathú?

Is féidir do leanbh a bheathú am ar bith roimh an vacsaín bhéil rótaivíris nó ina diaidh.

Céard a tharlóidh má thagann frithghníomhú ailléirgeach le vacsaíní ar mo leanbh?

Is rí-annamh a bhíonn frithghníomhuithe tromchúiseacha ailléirgeacha ag baint le vacsaíní. B'fhéidir go dtiocfadh frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach ar aon leanbh amháin as milliún. Is iondúil go dtagann frithghníomhuithe ailléirgeacha tromchúiseacha ar leanbh laistigh de chúpla nóiméad tar éis an vacsaín a fháil.

Ar na comharthaí atá ann maidir le frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach, tá deacracht anáilaithe, piachán nó slócht, cársánacht, mílíteacht, laige, buille tapa croí, meadhrán agus at scornaí. Má dhéantar cóireáil thapa ar an bhfrithghníomhú, tiocfaidh biseach iomlán ar an leanbh. Na dochtúirí agus na haltraí a thugann vacsaíní do leanaí, tá siad oilte le déileáil le frithghníomhuithe ailléirgeacha.

An bhféadfadh fo-iarsmaí ar bith teacht ar mo leanbh de bharr na vacsaíní?

Is iad frithirtheacht, at nó pian san áit a ndearnadh an t-instealladh, nó fiabhras éadrom na príomh-fho-iarsmaí a bhaineann le vacsaíní. Tarlaíonn an chuid is mó de na fo-iarsmaí beaga sin lá nó dhó tar éis na vacsaíne, agus is iondúil go dtagann biseach ar leanaí laistigh de lá nó dhó. Mar sin féin, b'fhéidir go dtiocfadh fiabhras nó gríos ar roinnt leanaí idir 6 agus 10 lá tar éis na vacsaíne MMR (ar a dtugtar an 'bhruitíneach bheag'). Níl sé sin tógálach.

Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) a dhéanann monatóireacht ar na fo-iarsmaí go léir a thuairiscítear ó vacsaíní

in Éirinn. Bíonn monatóireacht ar fho-iarsmaí á déanamh ag tíortha eile freisin. Déantar é sin chun gur féidir fo-iarsmaí nua nó neamhchoitianta a bhrath go tapa agus freagairt dóibh más gá. Má bhíonn aon fho-iarsmaí ar do leanbh tar éis na vacsaíne, cuir an méid seo in iúl do do dhochtúir ginearálta, ionas gur féidir leis nó léi é a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte.

Mura raibh mo leanbh ar fónamh tar éis na dáileoige deiridh den vacsaín, ar cheart an chéad dáileog eile a thabhairt dó/di?

D'fhéadfadh roinnt leanaí a bheith breoite i ndiaidh a n-imdhíonta. Níl aon fháth nár cheart an cúrsa vacsaíní a chríochnú de ghnáth. Mar sin féin, má bhuail frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach do leanbh (is é sin deacracht anáilaithe, piachán nó slócht, cársánacht, mílítheacht, laige, buille tapa croí, meadhrán agus at scornaí), níor cheart an vacsaín sin a thabhairt dó/di arís. Labhair leis an dochtúir faoin bhfrithghníomhú.





Na galair agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu

Cé chomh tromchúiseach is atá na galair seo?



D'fhéadfadh ceann ar bith de na galair seo leanbh nó duine fásta a mharú. Tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar a thromchúisí is atá siad toisc nach mbíonn siad ann chomh minic is a bhí san am atá thart, a bhuíochas sin ar vacsaíní go háirithe.

Mharaíodh an bhrúiteach na mílte duine in aghaidh na bliana san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Sna 1940idí agus 1950idí, bhí na mílte leanbh fágtha ina mairtínigh nó fuair siad bás de pholaimiaillíteas. Tharla sé chomh déanach le lár na 1980idí go raibh 100 leanbh in aghaidh na bliana thíos le meiningíteas agus aimhréidheanna tromchúiseacha eile mar gheall ar ionfhabhtú Hib in Éirinn.

Faigheann idir leanbh óg amháin agus beirt leanaí óga bás gach bliain in Éirinn de bharr galar meiningeacocúil B. Is dá bharr sin go dtugtar an vacsaín MenB do leanaí mar chuid den sceideal imdhíonta óige.

Níl aon athrú tagtha ar na galair seo. Bíonn siad ina gcúis go fóill le díhiodráitiú, niúmóine, tachtadh, meiningíteas, lot inchinne agus fadhbanna croí i measc leanaí nach bhfuil cosanta.

Maraíonn na galair seo leanaí fós in a lán áiteanna ar fud an domhain, fiú amháin in Éirinn.

Tá tuilleadh eolais sna chéad leathanaigh eile maidir leis na galair agus maidir leis na vacsaíní a chosnaíonn do leanbh ar na galair sin.

Na galair agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu

Galar	Éifeachtaí an ghailir	Fo-iarsmaí na vacsaíne
<p>Diftéire – baictéir thógálacha a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus bíonn sé mar chúis le scornach thinn agus deacrachtaí géara anáilaithe.</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann an diftéire:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh 50 duine bás. <p>Scaoileann na baictéir tocsain (nimh) gur féidir pairilis nó teip croí a chruthú.</p>	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu.
<p>Haemophilus influenzae cineál B (Hib) – baictéir thógálacha a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus bíonn sé mar chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn), eipeaglotáiteas (at sa scornach is cúis le tachtadh), seipticéime (nimhiú fola) agus oistéimialíteas (ionfhabhtú cnáimhe).</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann meiningíteas Hib:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh 50 duine bás. • beidh lot inchinne buan ar 250 duine nó beidh siad bodhar. <p>I measc 1,000 duine a fhaigheann eipeaglotáiteas Hib (at sa scornach is cúis le tachtadh):</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh deichniúr bás. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 200 duine. • beidh fiabhras ar 20 duine.
<p>Heipitéas B – víreas tógalach a scaiptear trí theagmháil le fuil nó sreabhán coirp eile de chuid duine ionfhabhtaithe agus bíonn sé mar chúis le galar ae. Tá baol níos mó ann do leanaí go mbeidís ionfhabhtaithe le heipitéas B ar feadh a saoil.</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann ionfhabhtú ainsealach heipitéas B:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh 250 duine bás mar thoradh ar choilm ar an ae (cioróis) nó ailse ae. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu.

Sa tábla seo (suas chomh fada le leathanach 57 agus an leathanach sin san áireamh), leagtar amach:

- cur síos ar na galair
- éifeachtaí an ghalair, agus
- fo-iarsmaí féideartha na vacsaíne



Galar

An Bhruitíneach – víreas an-tógálach a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus a bhíonn mar chúis le fiabhras, casacht agus gríos.

Éifeachtaí an ghalair

I measc 1,000 duine a fhaigheann an bhruitíneach:

- gheobhaidh duine amháin nó beirt bás.
- tiocfaidh ionfhabhtú cluaise ar 50 duine.
- tiocfaidh niúmóine nó broincíteas ar 40 duine.
- tiocfaidh trithí (taomanna) ar chúigear.
- tiocfaidh buinneach ar 160 duine.
- tiocfaidh einceifílíteas (athlasadh inchinne) ar dhuine amháin.

I measc gach 10 leanbh a dtiocfaidh einceifílíteas air/uirthi:

- gheobhaidh leanbh amháin bás
- Beidh lot inchinne ar suas le ceathrar.

Tagann SSPE (meath inchinne) ar 1 leanbh amháin i measc 8,000. D'fhéadfadh sé sin tarlú blianta fada tar éis na bruitíní, agus bíonn sé marfach i gcónaí.

Fo-iarsmaí na vacsaíne

Má imdhíontar 1,000 duine:


- beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu.
- tiocfaidh gríos ar 50 duine idir 6 agus 10 lá tar éis na vacsaíne (níl an gríos sin tógálach).
- beidh tritheamh (taom) ar dhuine amháin.

tiocfaidh einceifílíteas (athlasadh inchinne) ar dhuine amháin i measc 10 milliúin.

beidh fadhb shealadach téachta fola ag duine amháin i measc 22,000.

Na galair agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
<p>Ionfhabhtú Meiningeacocúil B (MenB)</p> <p>– baictéir thógálacha a scaiptear trí sheile nó dlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus bíonn sé mar chúis le meiningíteas nó seipticéime, nó an dá rud. (Ní chuireann vacsaín MenB cosaint ar fáil ar chineálacha eile meiningítis.)</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann ionfhabhtú MenB:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh 50 duine bás. • maidir le 100 duine a thiocfaidh slán as galar meiningeacocúil, beidh siad faoi mhíchumas trom amhail bodhaire, lot inchinne nó caillteanas géag amhail méara, barraicíní, lámha, bun na gcos, sciatháin nó cosa. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh fiabhras ar 500 duine. • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine. • beidh fiabhras ard ar dheichniúr.
<p>Ionfhabhtú Meiningeacocúil C (MenC)</p> <p>– baictéir thógálacha a scaiptear trí sheile nó dlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus bíonn sé mar chúis le meiningíteas nó seipticéime, nó an dá rud. (Ní chuireann vacsaín MenC cosaint ar fáil ar chineálacha eile meiningítis, lena n-áirítear meiningíteas mar gheall ar ghalar meiningeacocúil B.)</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann ionfhabhtú MenB:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh 50 duine bás. • maidir le 100 duine a thiocfaidh slán as galar meiningeacocúil, beidh siad faoi mhíchumas trom amhail bodhaire, lot inchinne nó caillteanas géag amhail méara, barraicíní, lámha, bun na gcos, sciatháin nó cosa. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 50 duine, nó beidh fiabhras orthu. • beidh 500 duine cantalach. • beidh tinneas boilg ar 10 nó beidh siad ag cur amach.

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
<p>Leicneach – víreas tógálach a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus a bhíonn mar chúis le faireoga ata sa mhúineál agus fiabhras.</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann leicneach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tiocfaidh meiningíteas víreasach ar 50 duine. • tiocfaidh einceifilíteas (athlasadh inchinne) ar dhuine amháin. • beidh na magairlí ata ag 400 fear a bhfuil leicneach orthu. • tiocfaidh fiabhras agus tinneas cinn ar 300 agus beidh faireoga seileacha ata faoina ngiall acu. <p>éireoidh duine amháin bodhar i measc 20,000.</p> <p>D'fhéadfadh leicneach a bheith mar chúis le neamhthorthúlacht i measc na bhfear i gcásanna annamha chomh maith.</p>	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu. • tiocfaidh at ar na faireoga seileacha faoin ngiall ar dheichniúr sa tríú seachtain tar éis na vacsaíne (níl sé seo tógálach). <p>d'fhéadfaí go dtiocfadh einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) ar 1 duine amháin as 10 milliún.</p>
<p>Triuch – baictéir thógálacha a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus a bhíonn mar chúis le casacht triuchaíola agus urlacan (cur amach). D'fhéadfadh an galar a bheith ar dhuine ar feadh suas le trí mhí.</p> 	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann triuch:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh beirt bás de bharr niúmóine nó lot inchinne (baineann formhór mór na mbásanna le leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois). • tiocfaidh taomanna ar dheichniúr (ar 15 i measc leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois). • tiocfaidh einceifilíteas (athlasadh inchinne) ar dhuine amháin (ar bheirt i measc leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois). • tiocfaidh niúmóine ar 50 duine (ar 100 leanbh i measc leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois). • beidh ar 200 duine dul chuig an ospidéal. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu. <p>beidh 4 leanbh i measc 10,000 ag caoineadh ar feadh níos mó ná trí uair an chloig tar éis an vacsaín a fháil.</p> <p>beidh tritheamh (taom) ar dhuine amháin i measc 10,000.</p>

Na galair, agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
<p>Galar niúmacocúil – Baictéir thógálacha a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus a bhíonn mar chúis le galair ionracha, amhail niúmóine, meiningíteas agus seipticéime (nimhiú fola).</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann galar a niúmacocúil ionrach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tiocfaidh niúmóine ar 250 duine. • tiocfaidh meiningíteas ar 250 duine. • gheobhaidh 100 duine bás. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu.
<p>Polaimiaillíteas – víreas tógálach a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó lena f(h) aecas (cac). Bíonn sé mar chúis le fiabhras, tinneas cinn agus urlacan (cur amach) agus d'fhéadfadh pairilis a bheith mar thoradh air ina dhiaidh sin.</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann polaimiaillíteas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfeadh pairilis ar suas le deichniúr. I measc an deichniúir sin a bhfuil pairilis orthu: <ul style="list-style-type: none"> – beidh pairilis bhuan ar chúigear, agus – d'fhéadfadh duine amháin bás a fháil. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu.
<p>Rótaivíreas – víreas tógálach a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe, athrú clúidíní, casacht, agus sraothartach.</p> 	<p>Faoin am a bheidh leanaí 5 bliana d'aois, is amhlaidh a bheidh siad tar éis urlacan (cur amach) agus buinneach a fháil. I measc 1,000 leanbh a fhaigheann rótaivíreas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh 1,000 ag cur amach agus beidh buinneach orthu. • beidh sé riachtanach do thriúr dul chuig an ospidéal. • Is gá do leanaí óga fanacht san ospidéal ar feadh 5 lá ar an meán má thógtar isteach iad. 	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh buinneach éadrom ar 100 duine. • beidh pian ina mbolg ag deichniúr. • beidh athlasadh ar an gcráiceann ag deichniúr.

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
<p>An Bhruitíneach Dhearg – víreas tógálach a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus a bhíonn mar chúis le gríos, fiabhras agus faireoga ata. D’fhéadfadh éalanga móra ó bhroinn a bheith ar leanbán má thógann an mháthair an bhruitíneach dhearg i rith an luath-thoirchis.</p>	<p>I measc 1,000 máthair a fhaigheann an bhruitíneach dhearg i rith an luath-thoirchis:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh éalang mhór ó bhroinn ar 900 leanbh (amhail bodhaire, daille, lot inchinne nó éalanga croí). <p>I measc daoine a fhaigheann an bhruitíneach dhearg:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tiocfaidh trombaicítipéine (brú craicinn nó cur fola ón gcráiceann) ar 1 duine amháin as 3,000. • tiocfaidh einceifilíteas (athlasadh inchinne) ar 1 duine amháin as 6,000. • tiocfaidh gríos ar dhuine amháin as beirt, agus beidh na faireoga ata pianmhara acu <p>Bíonn ailt pianmhara ag breis is leath de na mná a thógann an bhruitíneach dhearg</p>	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu. • beidh faireoga ata, muineál stromptha nó pianta sna hailt ag 50 duine. • tiocfaidh gríos ar 50 duine (níl an gríos sin tógálach). <p>tiocfaidh brú craicinn ar dhuine amháin as 25,000 nó beidh siad ag cur fola.</p> <p>d’fhéadfaí go dtiocfadh einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) ar 1 duine amháin as 10 milliún.</p>
<p>Teiteanas – baictéir ón ithir a scaoileann tocsain agus a bhíonn mar chúis le freangaí pianmhara matán, trithí agus glas géill.</p>	<p>I measc 1,000 duine a fhaigheann an diftéire:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gheobhaidh 50 duine bás. <p>Scaoileann na baictéir tocsain (nimh) gur féidir pairilis nó teip croí a chruthú.</p>	<p>Má imdhíontar 1,000 duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ag 100 duine, nó beidh fiabhras orthu.

Clár Imdhíonta le haghaidh Scoileanna

Is gá do leanaí teandáileoga de vacsaíní áirithe a fháil ar scoil chun iad a chosaint ar na galair seo.

Tabharfar dhá vacsaín do do leanbh **nuair a thosóidh sé/sí ar an mbunscoil**:

- teandáileog de 4 vacsaín in 1 cheann amháin chun cosaint ar an diftéire, triuch, póilió agus teiteanas; agus
- an dara dáileog den vacsaín MMR chun cosaint ar an mbruitíneach, ar an leicneach agus ar an mbruitíneach dhearg.

Dochtúir nó altra ó FSS a thugann na vacsaíní sin ar scoil, nó is é an dochtúir teaghlaigh a thugann iad in áiteanna áirithe.

Tabharfar dhá vacsaín do do leanbh **nuair a bheidh sé/sí sa chéad bhliain ar an meánscoil**:

- teandáileog den vacsaín don teiteanas, diftéire agus triuch; agus
- vacsaín teandáileoige MenC.

Dochtúir nó altra ó FSS a thugann na vacsaíní sin ar scoil.

Tabharfar an vacsaín HPV (papalómaivíreas daonna) **do d'íníon agus í sa chéad bhliain ar an meánscoil** chun í a chosaint ar ailse cheirbheacs.

Tugtar dhá dháileog den vacsaín seo thar thréimhse 6-12 mhí go hiondúil. Dochtúir nó altra ó FSS a thugann an vacsaín sin ar scoil.



I gcás ina dtugtar na vacsaíní sin ar scoil, cuirfidh FSS dáta na vacsaíní in iúl duit. Má chailleann do leanbh an vacsaín sin ar scoil, déanfaidh FSS socrú go dtabharfar an vacsaín sin do do leanbh i gclinic.

Tá na vacsaíní go léir atá molta do leanaí agus atá liostaithe sa sceideal imdhíonta scoile le fáil saor in aisce in Éirinn.

Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar www.immunisation.ie



Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Má tá ceisteanna agat faoi imdhíonadh do linbh, is fearr labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra nó d'altra sláinte poiblí ag an gclinic sláinte áitiúil.

Féach **www.immunisation.ie** chun eolas ginearálta a fháil ar imdhíonadh agus ar vacsaíní, mar aon le naisc leis na Treoirínte Imdhíonta d'Éirinn agus naisc le hacmhainní imdhíonta i dtíortha eile.

Is féidir leat eolais ar imdhíonadh a fháil freisin ó:

FSS

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta

Aonad 8/9 Lárionad Gnó Shráid an Mhainéir, Sráid an Mhainéir, Baile Átha Cliath 7.

Fón: 01 867 6108

Suíomh Gréasáin: www.immunisation.ie

An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte

25-27 Sráid Ghairdinéir, Baile Átha Cliath 1.

Fón: 01 876 5300

Suíomh Gréasáin: www.hpsc.ie

Suíomhanna gréasáin úsáideacha eile:

www.hpra.ie/homepage/medicines/medicines-information/find-a-medicine agus www.ema.europa.eu/ema/

Tá an t-eolas sa treoir seo ar an eolas is déanaí atá ar fáil ag an am seo.



Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS
Dáta foilsithe: Deireadh Fómhair 2016

Cód ordaithe: HNI00983